CINNEADH (CBES) 2022/848 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1464 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2020/1464 do thréimhse cur chun feidhme 24 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) An 9 Feabhra 2022, d'iarr an *Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle* (BAFA), ina cháil mar an Ghníomhaireacht Cur Chun Feidhme, údarú ón Aontas chun tréimhse cur chun feidhme Chinneadh CBES 2018/1464 a shíneadh go 36 mhí, go dtí an 30 Samhain 2023, mar gheall ar dhúshláin a eascraíonn as an bpaindéim COVID-19 leanúnach.

(4) Iarrann BAFA freisin go dtionólfaí comhdháil bhreise do thíortha comhpháirtíochta a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu, chomh maith le himeacht breise measúnaithe mheántéarma.

(5) Is féidir leanúint leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2020/1464, lena n-áirítear an dá ghníomhaíocht bhreise a cuireadh isteach leis an gCinneadh seo ón gComhairle, gan aon impleacht ó thaobh acmhainní airgeadais de go dtí an 30 Samhain 2023.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2020/1464, agus foranna 5.2.5, 5.2.6 agus roinn 10 d'Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2020/1464 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 30 Samhain 2023.";

(2) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i foroinn 5.2.5:

"5.2.5 Comhdhálacha le haghaidh tíortha comhpháirtíochta a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu

Is i bhfoirm dhá chomhdháil a reáchtálfar sa Bhruiséil a bheidh an tionscadal agus mairfidh gach comhdháil suas le 2 lá. Cuirfear fóram ar fáil ag gach comhdháil do phlé ardleibhéil idir saineolaithe an Aontais agus ionadaithe sinsearacha (i réimsí a bhaineann le beartas, ceadúnú agus forfheidhmiú) na dtíortha is tairbhithe a bhfuil ardchórais rialaithe onnmhairiúcháin acu.

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3).

Tabharfar deis, ag gach comhdháil, do na tíortha rannpháirteacha is tairbhithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a fháil faoi na forbairtí is nuaí a bhaineann leis an trádáil arm (e.g. bealaí soláthair reatha, tionchar na nuatheicneolaíochtaí, saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas slándála amhail bagairtí hibrideacha); agus

(b) plé a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi ar féidir athruithe agus feabhsuithe a rinneadh le déanaí ar rialuithe trádála arm a chur chun feidhme mar chuid dá gcóras náisiúnta rialaithe onnmhairiúcháin féin.";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i foroinn 5.2.6:

"5.2.6 Imeachtaí measúnaithe

Chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo, eagrófar trí imeacht measúnaithe (dhá imeacht meántéarma agus aon imeacht amháin críochnaitheach) sa Bhruiséil, go hidéalach i gcomhthráth le cruinniú rialta de chuid COARM.

Beidh an dá imeacht measúnaithe meántéarma i bhfoirm ceardlainne ina mbeidh na Ballstáit rannpháirteach. D'fhéadfadh na ceardlanna maireachtáil suas le haon lá amháin.

Imeacht sa Bhruiséil, ina mbeidh tíortha is tairbhithe agus Ballstáit an Aontais rannpháirteach, a bheidh san imeacht measúnaithe deiridh. Tabharfar cuireadh do suas le beirt ionadaithe (oifigigh iomchuí rialtais) ó gach tír is tairbhí chuig an imeacht measúnaithe deiridh.";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i roinn 10:

"10. Fad

Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal an 30 Samhain 2023.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. COLONNA